

Amharc-Ealaín

Torthaí Foghlama: Measúnú Rangbhunaithe 2

Maidir le gach snáithe, is iad seo a leanas na príomhthorthaí foghlama a mheasúnófar trí Cuir in iúl agus Déan Machnamh:

	EALAÍN		CEARDAÍOCHT		DEARADH	
Teanga chriticiúil agus amhairc	1.3	critic a dhéanamh ar shaothar ealaíne le teanga chriticiúil agus amhairc	2.3	machnamh a dhéanamh ar a obair cheardaíochta féin nó ar obair cheardaíochta daoine eile le teanga chriticiúil agus amhairc	3.3	teanga chriticiúil agus amhairc chuí a úsáid le freagairt do shaothar dearaidh agus critic a dhéanamh air
Líníocht	1.4	taispeáint conas a úsáideann sé líníocht chun an fhíor dhaonna agus an domhan mórthimpeall air a bhreathnú, a thairfeadh agus a anailísiú	2.4	a thaispeáint gur féidir leis a líníochtaí a úsáid le breathnú, le tairfeadh agus le hanailísiú	3.4	coimre dearaidh a léirmhíniú agus é seo a léiriú trína líníochtaí
	1.6	líníochtaí a úsáid chun a dhearcadh nó a thuiscint phearsanta a chur in iúl	2.5	a smaointe i gcomhair obair cheardaíochta a fhorbairt trí líníocht	3.5	trial a bhaint as rud le smaointe dearaidh trí thairghde agus trí líníocht anailíseach
Cultúr agus léirtheiscint amhairc	1.8	samplaí den amharc-ealaín stairiúil agus chomhaimseartha a phlé	2.8	scéal, siombailí agus feidhmeanna a úsáidtear in obair cheardaíochta óna chultúr féin agus ó chultúir eile ar fud an domhain a léirmhíniú	3.8	cleachtais dearaidh stairiúla agus chomhaimseartha a phlé
Gnéithe ealaíne agus prionsabail deartha (GNPD)	1.11	úsáid na gnéithe ealaíne agus na bprionsabal deartha ina shaothar ealaíne féin a mheas	2.1 1	tairghde a dhéanamh ar úsáid gnéithe ealaíne agus prionsabail deartha in obair cheardaíochta stairiúil agus chomhaimseartha óna chultúr féin agus ó chultúir eile	3.11	a shaothar dearaidh féin agus saothar dearaidh daoine eile a scrúdú trí gnéithe ealaíne agus trí phrionsabail deartha a úsáid
Meáin	1.15	léirmheas a dhéanamh ar an rogha meán ina shaothar féin nó i saothar daoine eile	2.1 5	an rogha meán ina obair cheardaíochta féin nó in obair cheardaíochta daoine eile a chosaint	3.15	coincheapa dearaidh agus úsáid meán ina shaothar féin nó i saothar daoine eile a chosaint